
# ‘Sé Uisce ár nAnam

**Tá an t-uisce riachtanach chun maireachtáil ar domhain: sruthann sé trí na bplandaí, na hainmhí , agus tríd an gcomhshaol uilig. Bímis ag brath ar fhionnuisce gach lá chun óil, don sláinteachas agus sláintíocht. Tá an t-uisce ríthábhachtach chun bia agus earraí a tháirgeadh.**




**An raibh a fhios agat go bhfuil níos mó na 73,000 km de chainéal aibhneacha in Eirinn, 12,000 lochanna agus 33 cinéal bogaigh fhionnuisce? Tá gaol againn le huisce sa tír seo. Má thógann tú ainm na haibhneacha agus lochanna faoi deara, tagann formhór dos na hainmneacha ó na déithe agus bandéithe Tuatha Dé Danann. D’fhás an óige aníos le scéalta Clann Lir agus an Bradán Feasa.**

## *An raibh a fhios agat?*

Máire Fhada nó Síle na bPortach is iad roinnt ainmeacha atá ar an éan álainn uisce an Corr riasc.

Fíoras : San tSean-Éigipt, léiríodh na corr riasc mar teachtaire Dé!



Aimsítear an Cruidín cadhla seo ar fud na habhainn a bhíonn le sruth mall agus ar fud na canáileacha.



Is féidir leis an mBradán 3,000km a thaisteal i mbun a hacsnamh farraige roimh dul abhaile chun a habhainn dúchais.





Is í Éire, ceann de na tíortha is fearr san Eoraip chun madraí uisce a fheiscint.

## *Tuilleadh le foghlaim!*

In aibhneacha agus lochanna na hÉireann, maireann 29 speiceas éisc, an frog coiteann, an t-earc coiteann, neart speiceas éan uisce, neart feithid agus mamach ar nós na madraí uisce agus na sciathán leathair. Chun go bhfeidhmíonn na héiceachórais seo i gceart, caithfear na bealaí uisce a chosaint ó thruailliú agus tháireadh, ionas go maireann an fiadhúlra le bís!

Chomh maith le sin, tagann 80% den uisce ina n-úsáidfimis go laethúil ó abhainn nó loch. Cé chomh glan agus a mbíonn sé ag teacht ón bhfoinse, is é is lú cóireáil uisce óil a mbíonn ag teastáil. Cad a cheapann sibh faoi aire a thabhairt d’abhainn nó do loch áitiúla, ar nós abhainn nó loch a uchtú:

- Eagraigh gníomh ar nós siúlóid, glanadh suas nó ealaín amuigh faoin aeir. B’fhéidir go bhfaighfeá spreagadh chun an póstaer nó físeán a cheapadh!
- Imscrúdaigh sláinte na habhann nó na locha áitiúla trí cuairtiú ar suíomh: https://gis.epa.ie/mylocalenvironment/.
- Foghlaim faoi Sprioc Domhanda a 6 (Uisce Glan agus Sláintíocht), 14 (Beatha faoin Uisce) agus 16 (Síocháin, Ceartas & Institiúidí Láidre). Tuilleadh eolais: https://worldslargestlesson.globalgoals.org/
- Airgead a chruinniú do charthanacht a chuireann uisce glan agus sláintíocht ar fáil thar lear.